

Ábhar

Cruinneas Teanga

Téacs Léitheoireachta

**Tadhg Mac Dhonnagáin ag plé
cruinneas teanga ina bhlag
<http://garraijohnnymhorgan.blogspot.com/>**

**(Le caoinchead ó Thadhg Mac
Dhonnagáin).**

Curtha in oiriúint do mhic léinn Ghaeltachta

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.**



An Mheitheal um Theagasc
na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

Gá le Cruinneas?

Seo thíos píosa a tógadh as blag Thaidhg Mhic Dhonnagáin ag <http://garraijohnnymhorgan.blogspot.com/> Tá sé ag plé cruinneas teanga sa phíosa seo.

Réamhphlé

Sula léann tú an píosa pléigh na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad is brí le ‘cruinneas teanga’, dar leat?
2. An bhfuil tábhacht ag baint le cruinneas teanga? Cé acu is tábhachtaí – cruinneas sa scríobh nó sa chaint?
3. An bhfuil tusa ‘cruinn’, dar leat? Cad iad na fadhbanna is mó atá agat le cruinneas, má tá fadhbanna agat?
4. Pléigh an ráiteas seo: ‘is fearr Gaeilge bhriste ná Béarla cliste’.
5. An féidir glacadh leis go bhfuil cruinneas Gaeilge ag duine más as an nGaeltacht é?
6. An léann tú aon bhlaganna i nGaeilge nó i mBéarla? Cad iad?

Léamh

Anois léigh an píosa agus déan féin agus an duine in aice leat na cleachtaí seo:

- Déanaigí cur síos ar an gcomparáid a dhéanann an scríbhneoir idir ‘an t-ábhar póilín teanga’ agus an cainteoir dúchais.
- Déanaigí cur síos ar stíl an phíosa.

Feasacht Teanga

1. Luann an scríbhneoir ‘an Fhoras’ agus ‘an Foras’. Conas a bheadh a fhios agat cén ceann an ceann ceart? An bhfuil aon leideanna / patrún ar eolas agat a chabhródh leat leis an ngné seo den teanga? Cé acu is éifeachtaí chun an t-eolas sin a aimsiú, dar leat – leabhar gramadaí nó foclóir?
2. ‘...níos éasca ag an ábhar póilín teanga...’

Ciallaíonn ‘ábhar’ *subject* go minic, ach cén bhrí atá leis anseo?

Sa chomhthéacs céanna, an dtuigeann tú cad is brí leis na frásaí seo?

ábhar múinteora
ábhar dlíodóra
ábhar sagairt
ábhar tógála
ábhar leabhair

3. ‘i measc phobal na bhfoghlaimeoirí’

Cén ghné den ghramadach atá i gceist anseo? Pléigh agus déan iarracht na frásaí seo thíos a scríobh i gceart.

i rith + Seachtain na Gaeilge
ag tús + mí an Mheithimh
i lár + Contae Chiarraí
ag tús + cruinniú na mac léinn
de réir + muintir na háite

An bhfeiceann tú aon difear idir na frásaí seo:

saoire Bhanc na hÉireann
saoire bainc na hÉireann
cruinniú phobal an cheantair
cruinniú pobail an cheantair

4. ‘ar bhealach’ ach ‘ar cíos’. Cén fáth? Pléigh agus ansin déan iarracht na cinn seo a dhéanamh:

Cé atá ar (bord) sa tionscadal seo?
Bhí sí ina seasamh ar (bord) nuair a thit sí.
An bhfuil aon rud ar (páipéar) fós?
Tá sé imithe ar (pinsean).
Tá mé ar (saoire) ón tseachtain seo chugainn.
Tá mé ag dul ar (saoire) coicíse.
Táim ag dul ar (siúl) fada trí uair an chloig.
Tá clár maith ar (siúl)anocht.
Fuair mé an t-árasán ar (cíos) réasúnta.
Tá árasán ar (cíos) agam.

5. Féach ar na focail seo as an téacs agus ar na cinn eile atá cosúil leo. Pléigh an difear eatarthu agus léirigh le samplaí.

aird	ard	
méid	ar a mhéad / cé mhéad?	
léas	leas	
pointe	pionta	
deara	dearadh	
in ann	i ndán	
ar leith	leath	ar leathadh

6. Lig ort gur tusa atá ag scríobh an phíosa seo agus nach bhfuil tú cinnte cé acu de na leaganacha thíos is cirte. Conas a gheofá amach cén ceann atá ceart? Is botúin choitianta cuid díobh – bí cúramach. Bain úsáid as foclóir nó leabhar gramadaí chun cabhrú leat an t-eolas ceart a aimsiú.

dá scríobhainn

dá scríobhfainn

mí-cheart	mícheart
blian	bliain
faoi ndeara	faoi deara
go h-iomlán	go hiomlán
áird	aird
achranach	achrannach
don nGaeilge	don Ghaeilge

Iarobair

Plé

- ‘...tá gramadach achrannach go leor aici...’
An aontaíonn tú leis seo?
- ‘...creidim féin go bhfuil sé de dhualgas ar chuile dhuine a shaothraíonn an teanga a dhícheall a dhéanamh í a scríobh chomh cruinn agus is féidir...’
An bhfuil sé seo fíor, dar leat?
- ‘...an botún atá i gceist leis an séimhiú seo ar an bhfocal ‘Foras’, nó an pointe canúna atá ann? Nó an cuma?...’
An cuma, dar leatsa?
- ‘...an fear Gaeltachta a tógadh i gceantar a raibh brú ar leith ar an teanga ann agus é ag éirí aníos...’
Cén cineál brú atá ar an teanga i do cheantar féin? An bhfuil difear idir an teanga a labhraíonn glúin do thuismitheoirí agus do ghlúin féin?
- An bhfuil fadhbanna teanga ag muintir na Gaeltachta, dar leat? Cad iad?
- Ar fhoghlaim tú féin gramadach na Gaeilge ar scoil? An bhfuil tábhacht lena foghlaim?

Tascanna

1. Déan liosta de na foclóirí agus na leabhair ghramadaí atá ar eolas agat. Cén ceann ar do liosta ab fearr a d’fhreagródh Ceist 6 faoi ‘feasacht teanga’ thuas?
2. Smaoinigh ar na riachtanais teanga atá agatsa agus tú ag déanamh céim sa Ghaeilge. Cad iad na nithe a chothaíonn deacrachtaí duit? Smaoinigh go mór mór ar chruinneas teanga anseo.

Anois féach ar an liosta thíos. Cuir na nithe ar an liosta in ord deacrachta duitse mar mhac léinn chéad bhliana (1=an ceann is fusa; 9=an ceann is deacra).

	Ord deacrachta duitse	Ord deacrachta d’fhoghlaimoír ag an mbunleibhéal
foghraíocht		
téarmaíocht na gramadaí		

éisteacht		
scríobh		
léamh		
labhairt		
stór focal comhaimseartha		
an Caighdeán v. an chanúint		
ag léamh téacsanna litríochta		

Anois féach ar an liosta arís – cad iad na nithe ar an liosta a bheadh deacair don té atá ag foghlaim na Gaeilge mar dhara teanga ag an mbunleibhéal?

Cad iad na nithe is tábhachtaí ar an liosta, dar leat, (i) don té atá ag déanamh céim sa Ghaeilge; (ii) don fhoghlaimoir teanga ag an mbunleibhéal?

Téacs

...Is galar é an cruinneas teanga nuair atá an té atá i ngreim aige go hiomlán dírithe ar mhianach na teanga, gan aird ar bith aige ar ghné na cumarsáide den scéal. Agus an méid sin ráite, is teanga í an Ghaeilge – teanga ársa, teanga chasta. Tá gramadach achrannach go leor aici. Creidim féin go bhfuil sé de dhualgas ar chuile dhuine a shaothraíonn an teanga a dhícheall a dhéanamh í a scríobh chomh cruinn agus is féidir. Tá an nua-theicneolaíocht tar éis léas nua beochta a thabhairt don Ghaeilge. Tá duine ar bith ar fud na cruinne (go teoiriciúil, ar aon nós) in ann an t-alt seo uaimse a léamh. Seo an áit a bhfuil freagracht orainn a bheith cruinn.

Dá scríobhfainn "an Fhoras" mar shampla, seachas "an Foras", an faitíos a bheadh orm ná go gcothódh sé éiginnteacht agus mearbhall intinne i measc phobal na bhfoghlaimeoirí – an botún atá i gceist leis an séimhiú seo ar an bhfocal "Foras", nó an pointe canúna atá ann? Nó an cuma?

Ar bhealach, tá sé i bhfad níos éasca ag an ábhar póilín teanga – duine, den chuid is mó, a fhoghlaimíonn an Ghaeilge ina dhuine fásta, is atá in ann na rialacha éagsúla a dhaingniú ina chloigeann ar bhealach measartha loighciúil, ná mar atá ag an gcainteoir dúchais, go háirithe an fear Gaeltachta a tógadh i gceantar a raibh brú ar leith ar an teanga ann agus é ag éirí aníos. Mar nuair a théann botún de chineál ar bith i bhfostú i do chloigeann, is deacair é a dhíbirt.

Mar shampla, d'fhoghlaim mé féin an t-amhrán "Cill Aodáin" i mo dhéagóir óg dom, roinnt blianta sular thug mé i gceart faoi líofacht a bhaint amach sa nGaeilge. Is le bliain nó dhó anuas a thug mé faoi deara go bhfuilim ag casadh an amhráin sin riamh anall agus botún bunúsach á rá agam "Go seasfaidh mé síos i lár Chontae Mhaigh Eo" seachas an rud ceart "Go seasfaidh mé thíos i lár Chontae Mhaigh Eo". Táim á rá le blianta mar go raibh an rud mícheart tar éis é féin a neadú i gcúl mo chinn agus fanacht ann go stuacach...